Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11076/26**

**COPEN 241**
**JAI 877**
**EJUSTICE 32**
**DROIPEN 116**
**IXIM 144**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 284 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le malartú faisnéise tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) arna baint as na taifid choiriúla idir na Ballstáit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 284 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 284 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2026
COM(2026) 284 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le malartú faisnéise tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) arna baint as na taifid choiriúla idir na Ballstáit**

{SWD(2026) 152 final}

## 1. Réamhrá

Is é is cuspóir don Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) feabhas a chur ar an tslándáil laistigh de Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais, trí mhalartú éifeachtúil faisnéise a chumasú idir na Ballstáit maidir le ciontuithe coiriúla a thug cúirteanna coiriúla san Aontas roimhe sin. Tháinig ECRIS i bhfeidhm i mí Aibreáin 2012. Rialaítear é le Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus le hábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit[1]. Cuireadh Treoir (AE) 2019/884 in ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le bunú an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla, ach tá sé fós ina cheangal ar an Danmhairg agus ar Éirinn[2].

An 29 Meitheamh 2017, ghlac an Coimisiún a chéad Tuarascáil Staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle, lenar cumhdaíodh an tréimhse ó Aibreán 2012 go dtí an 31 Nollaig 2016.[3] Leis an dara Tuarascáil Staidrimh ón gCoimisiún, a glacadh an 21 Nollaig 2020, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019[4].

Is í an tuarascáil[5] seo an tríú Tuarascáil Staidrimh ón gCoimisiún maidir le malartú faisnéise trí ECRIS arna baint as na taifid choiriúla idir na Ballstáit. Is é is cuspóir di measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht mhalartuithe na mBallstát le creat dlíthiúil ECRIS agus aon saincheist maidir le héifeachtúlacht an chórais a shainaithint, d'fhonn an cás a leigheas. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart gach gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí dlíthiúla faoi Chinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle.

Glacadh an tuarascáil sin roimh theacht i bhfeidhm an chóras ECRIS-TCN, lena bhforlíonfar ECRIS le sásra éifeachtúil chun faisnéis a mhalartú faoi náisiúnaigh tríú tír arna gciontú[6], chun malartuithe faisnéise na mBallstát a mheas roimh theacht i bhfeidhm an chórais nua sin.

### 1.1. Staidreamh ECRIS

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar úsáid ECRIS le haghaidh na tréimhse 5 bliana ón **1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024.** Tá Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2026)152 ('an Doiciméad Inmheánach Oibre') ag gabháil léi. Tugann cuid den staidreamh sa tuarascáil forléargas ginearálta ar thréimhse 13 bliana oibríochta ECRIS, ó cuireadh i bhfeidhm é in Aibreán 2012. Mar sin féin, cumhdaítear leis na sonraí staidrimh comparáideacha maidir leis na Ballstáit uile agus táblaí staidrimh na mBallstát aonair i Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre malartuithe ECRIS le 5 bliana anuas, idir 2020-2024. I gcás inarb ábhartha, baineadh úsáid as staidreamh na mblianta roimhe sin mar phointe tagartha. Áirítear sa tuarascáil freisin **sonraí maidir le malartuithe leis an Ríocht Aontaithe go dtí an 31 Nollaig 2020**[7].

---

1 IO L 93, 7.4.2009, lch. 23 - arna leasú le Treoir (AE) 2019/884, IO L 151, 7.6.2019, lch. 143.

2 IO L 93, 7.4.2009, lch. 33. Cuireadh Treoir (AE) 2019/884 in ionad an Chinnidh seo maidir leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Treoir - ón 28 Meitheamh 2022.

3 COM/2017/341 final; SWD/2017/242 final.

4 COM/2020/778 final; SWD/2020/378 final.

5 Ar bhonn Airteagal 13a(3) de Chinneadh Réime 2009/315/CGB.

6 Féach Roinn 2.9.

7 Bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát den Aontas go dtí an 31 Eanáir 2020, ach ar bhonn Airteagal 127(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, lean sí d'fhaisnéis a mhalartú trí ECRIS le linn na hidirthréimhse ar tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020. Faoi láthair, malartaíonn an Ríocht Aontaithe faisnéis maidir le taifid choiriúla le Ballstáit den Aontas Eorpach ar bhonn an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Tá an tuarascáil bunaithe ar staidreamh arna ghiniúint go huathoibríoch ag an gcóras agus arna sheoladh ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin. As na 233 tháscaire staidrimh a bunaíodh le haghaidh ECRIS, rinneadh an rogha gan ach an fhaisnéis is ábhartha agus is fiúntaí a fhoilsiú. Ina theannta sin, iarradh ar na Ballstáit staidreamh a chur in iúl maidir leis an líon uaireanta a ciontaíodh náisiúnaigh de chuid Ballstát eile ar a gcríoch, chun é a chur ar a chumas don Choimisiún forléargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear an nós imeachta um fhógra a thabhairt chun feidhme. Áirítear sa tuarascáil sonraí faoi chiontuithe a fuarthas ó gach ceann de na 27 mBallstát agus ón Ríocht Aontaithe le haghaidh 2020.

**1.2. Prionsabail ghinearálta chóras ECRIS**

Tá ECRIS bunaithe ar ailtireacht dhíláraithe, ina ndéantar faisnéis faoi thaifid choiriúla a mhalartú go leictreonach, go heisiach idir Údaráis Lárnacha na mBallstát.

Tá sé d'oibleagáid ar gach Ballstát a chiontaigh saoránach de Bhallstáit eile fógra a thabhairt don Bhallstát sin ('Ballstát na náisiúntachta') trí ECRIS a luaithe is féidir faoin bhfaisnéis uile a bhaineann leis an gciontú (**fógraí faoi chiontuithe nua**) agus faoi aon nuashonrú a rinneadh ina dhiaidh sin (**fógraí faoi nuashonruithe**).

Dá bhrí sin, coimeádann Ballstát na náisiúntachta lárstóras de gach ciontú a thug cúirteanna coiriúla i mBallstáit den Aontas in aghaidh a náisiúnach, chomh maith le haon chiontú a tugadh sa Bhallstát féin. Tá sé d'oibleagáid ar Bhallstát na náisiúntachta ansin an fhaisnéis uile a fhaightear trí ECRIS a stóráil agus a thabhairt cothrom le dáta agus faisnéis maidir le taifid choiriúla (**freagraí ar iarrataí**) a chur ar fáil arna iarraidh sin do Bhallstát eile (**iarrataí ar fhaisnéis**) laistigh de **sprioc-amanna gearra 10 nó 20 lá**[8].

**1.3. Achoimre feidhmiúcháin**

Níos mó ná 10 mbliana tar éis a sheolta, bhain ECRIS **garsprioc mhór amach in 2022, nuair a tháinig gach ceann de na 27 mBallstát chun bheith idirnasctha go hiomlán** agus nuair a bunaíodh agus a cobhsaíodh an líon is mó is féidir de 702 idirnasc. Áirithítear leis sin gur féidir faisnéis faoi thaifid choiriúla a mhalartú ar fud an Aontais gan bacainní teicniúla.

**Tar éis laghdú de bharr na paindéime agus Brexit,** tá **méadú tagtha arís ar an líon malartuithe**, agus bhí beagnach 4,8 milliún teachtaireacht ann in 2024, agus 400 000 ann in aghaidh na míosa ar an meán. Ó bhí 2017 ann, tá athrú suntasach tagtha ar struchtúr na malartuithe - tá iarrataí ar fhaisnéis anois beagnach cúig huaire níos mó ná fógraí faoi chiontuithe.

Tháinig **laghdú mór ar an líon uaireanta a ciontaíodh saoránaigh Ballstát eile** in 2020, go dtí thart ar 250 000 in aghaidh na bliana agus d'fhan sé ar an leibhéal sin ó shin, rud a d'fhág go raibh **níos lú fógraí ann maidir le ciontuithe nua**. In 2024, thit an líon fógraí go 260 000, líon atá inchomparáide le leibhéal 2014. **Tarchuireann na Ballstáit uile fógraí faoi chiontuithe nua anois**, agus tá a **riaráistí** glanta ag cuid mhór acu, ach níl fógra tugtha faoi gach ciontú, go háirithe ag an Danmhairg, ag Éirinn, ag Lucsamburg, ag an tSlóvaic agus ag an Rómáin.

[8] Chun tuairisc mhionsonraithe a fháil ar na prionsabail ghinearálta lena rialaítear malartú faisnéise trí ECRIS, féach Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

**Lean an líon iarrataí ar fhaisnéis de bheith ag méadú de réir a chéile**, agus bhí 1,2 milliún ann in 2024. In 2019 **tháinig athrú iomlán ar úsáid ECRIS, a úsáideadh níos minice chun críoch seachas imeachtaí coiriúla.** In 2024, bhí iarrataí den sórt sin cothrom le **56 % de na hiarrataí uile** agus bhain siad go príomha le seiceálacha earcaíochta le haghaidh post lena mbaineann teagmháil le leanaí nó iarrataí ó dhaoine aonair a bhí ag lorg faisnéise ar a dtaifead coiriúil féin.

Mar sin féin, baineann **roinnt Ballstát úsáid theoranta fós as ECRIS chun faisnéis faoi thaifid choiriúla a iarraidh**, lena n-áirítear an Ghréig, an Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Málta agus an tSlóivéin. Cé go n-úsáideann roinnt Ballstát (an Bheilg, an Chróit, an Ungáir, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an tSlóivéin agus an tSlóvaic) ECRIS **go heisiach nó beagnach eisiach chun críche imeachtaí coiriúla**, iarrann Ballstáit eile faisnéis **beagnach eisiach chun críoch eile** (an tSeicia, an Chipir, an Ghréig agus an Spáinn).

**In 2024, ní raibh faisnéis maidir le ciontuithe roimhe sin ach in 16,6 % de na freagraí,** rud a léiríonn sciar méadaitheach na n-iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla. Mar sin féin, léirigh níos mó ná 197 000 freagra gur ann do chiontuithe roimhe sin.

**Tá feabhas mór tagtha ar na rátaí freagartha i gcomparáid le 2019,** agus tháinig laghdú faoina leath ar an líon freagraí déanacha agus tháinig laghdú faoi chúig ar an líon iarrataí a raibh an spriocdháta dóibh imithe in éag. Mar sin féin, seoladh 9,7 % de na freagraí fós tar éis an spriocdháta dhlíthiúil, agus chuaigh 38 000 iarraidh in éag gan freagra a fháil.

D'ainneoin na **treochta dearfaí sa líon nuashonruithe** (254 000 in 2024), ní tharchuireann roinnt Ballstát ach roinnt nuashonruithe (an Bhulgáir, an Ghréig, Éire agus Málta) nó ní tharchuireann siad aon nuashonrú ar chor ar bith (an Eastóin agus an tSlóivéin).

Is díol imní é go bhfuil **méadú tagtha ar an líon iarrataí nár freagraíodh** - ní bhfuarthas aon fhreagra ar 317 000 iarraidh (5,8 % de na hiarrataí uile) in 2020-2024, ón gCipir, ón mBulgáir, ón gCróit, ón Spáinn agus ón nGréig den chuid is mó. Is cúis mhór imní é go bhfuil méadú ag teacht ar an gclaonadh atá ann an oibleagáid freagairt d'iarrataí ar fhaisnéis a shárú, i bhfianaise na n-iarmhairtí tragóideacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin.

**Tá malartuithe a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír fós teoranta** (88 000 **-** 7 % de na hiarrataí uile), cé go meastar go dtiocfaidh méadú orthu le teacht i bhfeidhm ECRIS-TCN in 2027.

Tá **difríochtaí suntasacha** fós ann idir na Ballstáit ó thaobh gníomhaíochta agus ualach oibre de.

## 2. Malartuithe ECRIS i bhfigiúirí

### 2.1. Ballstáit Nasctha

Is córas díláraithe é ECRIS inar cheart do na Ballstáit uile a bheith idirnasctha le chéile. Meastar go bhfuil Ballstát nasctha le ECRIS má mhalartaíonn sé faisnéis maidir le taifid choiriúla le Ballstát nasctha amháin eile ar a laghad.

Baineadh **garsprioc eile** amach i stair ECRIS **- tá na Ballstáit uile nasctha le ECRIS faoi láthair** agus malartaíonn siad faisnéis maidir le taifid choiriúla **le gach Ballstát eile.**[9]

---

9 Chun stair an naisc le líonra ECRIS a fháil, féach Roinn 2.1 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

Tháinig córas ECRIS i bhfeidhm in 2012, agus bhí 173 idirnasc ann san iomlán as 702 idirnasc a d'fhéadfadh a bheith ann ag an am (27 mBallstát nasctha). Faoi dheireadh 2019, bhí 670 idirnasc bunaithe (90 % den 756 idirnasc a d'fhéadfadh a bheith ann an tráth sin). Ní raibh **gach ceann de na 702 idirnasc féideartha**[10] idir na Ballstáit **bunaithe** ach amháin in 2022, tar éis 10 mbliana d'oibríocht ECRIS, agus tá siad cobhsaí ó shin.

> - **Gach ceann de na 27 mBallstát atá nasctha le ECRIS agus a mhalartaíonn faisnéis faoi thaifid choiriúla le gach Ballstát eile**
>   Tar éis 10 mbliana oibríochta, baineadh **garsprioc eile** amach i stair ECRIS **- in 2022, bunaíodh gach ceann de na 702 idirnasc féideartha** idir na Ballstáit agus tá siad cobhsaí ó shin.

### 2.2. Líon iomlán na dteachtaireachtaí a malartaíodh

Léirítear sa ghraf thíos an méadú atá ag teacht ar an líon bliantúil teachtaireachtaí a mhalartaítear idir na Ballstáit nasctha uile ó mhí Aibreáin 2012, nuair a tháinig ECRIS i bhfeidhm, go dtí an 31 Nollaig 2024. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach raibh ach 8 mí gníomhaíochta ann in 2012. Tá gach cineál teachtaireachta san áireamh sna méideanna sin: fógraí, nuashonruithe, iarrataí, freagraí, diúltuithe, freagraí eile agus malartuithe faisnéise breise.




[10] Cuirtear san áireamh leis an líon sin líon reatha na mBallstát, tar éis Brexit, i.e. 27 (27*26).

Bhí an líon bliantúil teachtaireachtaí **ag méadú go tapa go dtí 2019**, nuair a shroich sé beagnach **4,2 milliún**, le 348 000 teachtaireacht ar an meán in aghaidh na míosa. De bharr **thréimhse na paindéime** agus na dteorainneacha taistil a tháinig as sin, tháinig **cobhsú** ar an líon sin **in 2020**, agus ansin **tháinig laghdú géar air in 2021** go **3,8 milliún** teachtaireacht. Chuir imeacht na Ríochta Aontaithe as ECRIS an 1 Eanáir 2021 leis an titim sin freisin. In 2022, thosaigh líon na dteachtaireachtaí ag méadú arís go seasta agus shroich sé beagnach **4,8 milliún in 2024, 400 000 teachtaireacht ar an meán in aghaidh na míosa.**

Léirítear sa ghraf thíos an treocht in iarrataí a seoladh, freagraí ar iarrataí, fógraí faoi chiontuithe nua agus fógraí faoi nuashonruithe thar thréimhse 13 bliana d'oibríocht ECRIS. I measc na bhfreagraí tá freagraí ar iarrataí, diúltuithe iarratas agus freagraí eile[11].

[11] Freagraí eile atá ann, mar shampla, freagraí inar aimsíodh níos mó ná duine amháin, agus gan duine a bheith ina náisiúnach den Bhallstát iarrtha, etc.




Thosaigh **an cion idir** an líon **fógraí** maidir le ciontuithe, **iarrataí** agus **freagraí** nua ar iarrataí **ag athrú ó bhonn ó bhí 2017 ann.** Ó líon beagnach comhionann le haghaidh gach

ceann de na trí chatagóir sin in 2016, thart ar 350 000 in aghaidh na bliana in aghaidh na catagóire, bhí an **líon iarrataí** ar fhaisnéis agus an **líon gaolmhar freagraí** ar iarrataí trí huaire níos airde ná an líon fógraí in 2019 agus 2020, **chun an líon fógraí a shárú beagnach cúig huaire in 2023 agus 2024.**

In 2020, tháinig méadú ar **an líon fógraí** faoi chiontuithe nua go 340 000[12], ach thit sé arís in 2021 **sular chobhsaigh sé ar leibhéal sách íseal** de thart ar **260 000 in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2024**, rud atá coibhéiseach le leibhéal fógraí 2014. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar ghréasán na n-idirnasc idir na Ballstáit agus ós rud é, i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin, go raibh fadhbanna ag níos lú Ballstát fógra a thabhairt faoi gach ciontú nua[13], tugtar le fios leis an athrú sin go bhfuil **laghdú tagtha ar an líon uaireanta a ciontaíodh** saoránaigh Ballstát eile.

Os a choinne sin, tá **méadú seasta** ag teacht ar **an líon iarrataí ar fhaisnéis** agus na bhfreagraí gaolmhara – **faoi 25 % ó bhí 2020 ann** – agus shroich sé **1,2 milliún** san iomlán le haghaidh gach ceann de na catagóirí sin **in 2024.** Níl an méadú sin chomh suntasach agus a bhí sa tréimhse thagartha roimhe seo[14], nuair a tharla an t-athrú mór ar úsáid ECRIS chun **críoch eile seachas imeachtaí coiriúla ar mó iad ná trí oiread na gcríoch a bhaineann le himeachtaí coiriúla** (chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Roinn 2.8). Is comhartha dearfach é an méadú seasta ar an líon iarrataí le linn na 13 bliana ina raibh ECRIS i bhfeidhm freisin ar fheasacht mhéadaitheach na mBallstát ar an ngá atá le húsáid a bhaint as an gcóras chun faisnéis a iarraidh le linn imeachtaí coiriúla chun go mbeifear in ann ciontuithe roimhe sin a chur san áireamh, i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/675/CGB[15].

- **Tháinig méadú arís ar an líon teachtaireachtaí a malartaíodh tar éis na paindéime agus shroich sé 4,8 milliún in 2024**
  Mar thoradh ar **thréimhse na paindéime**, ar na teorainneacha taistil gaolmhara agus ar **Brexit, tháinig laghdú géar** ar an líon teachtaireachtaí a malartaíodh go 3,8 milliún in 2021. In 2022, thosaigh an líon teachtaireachtaí ag méadú arís go seasta go dtí beagnach **4,8 milliún in 2024** agus **400 000 teachtaireacht ar an meán in aghaidh na míosa.** Tá **athrú as cuimse** tagtha ar **chion na bhfógraí** maidir le ciontuithe, **iarrataí** agus **freagraí** ar iarrataí **ó bhí 2017 ann**, agus ba mhó **an líon iarrataí** ar fhaisnéis ná an líon **fógraí beagnach cúig huaire in 2024.**

### 2.3. An líon fógraí, iarrataí agus freagraí in aghaidh an Bhallstáit

Léirítear sa ghraf thíos an líon iomlán iarrataí a seoladh, freagraí ar iarrataí, fógraí faoi chiontuithe nua agus fógraí faoi nuashonruithe in aghaidh an Bhallstáit thar na 5 bliana ó 2020 go 2024[16].

---

12 Is é ba chúis leis an méadú sin go príomha gur sheol an Ríocht Aontaithe 95 000 fógra riaráiste in 2020 (trí oiread an ghnáthlín fógraí a sheolann an Ríocht Aontaithe gach bliain) sular imigh sí as ECRIS.

13 Mar a léirítear i Roinn 2.4. thíos.

14 An tréimhse 2017-2019, arna cumhdach leis an Dara Tuarascáil Staidrimh.

15 IO L 220, 15.8.2008, lch. 32.

16 Le haghaidh na sonraí bliantúla sa tréimhse sin, féach Roinn 2.2. den Doiciméad Inmheánach Oibre.


An líon iomlán iarrataí, freagraí, fógraí maidir le ciontuithe nua agus fógraí maidir le nuashonruithe, de réir Ballstáit, 2020 - 2024
AT 226 328 153 977 23 195 49 440
BE 53 290 91 587 134 794 23 290
BG 1 316 237 976 1 822 2
CY 13 350 3 036 25 221 1 313
CZ 191 297 126 475 17 334 32 336
DE 3 978 840 198 382 555 952 699 884
DK 13 424 35 866 18 029 2 743
EE 4 350 26 302 819 0
EL 12 235 753 40 799 43
ES 241 060 180 241 129 905 206 712
FI 22 095 35 002 10 555 7 750
FR 83 524 253 744 83 380 126 372
HR 16 270 239 421 1 892 391
HU 2 744 198 886 10 283 13 761
IE 5 097 41 787 25 460 476
IT 4 808 621 502 86 577 101 187
LT 20 752 78 919 806 441
LU 26 350 26 713 16 539 6 523
LV 1 782 60 855 1 702 540
MT 369 4 175 1 913 10
NL 122 301 175 023 64 639 92 373
PL 55 581 835 031 9 233 33 876
PT 137 199 89 482 18 301 4 642
RO 19 353 900 821 1 017 202
SE 142 000 42 224 24 132 10 499
SI 2 551 33 370 1 382 0
SK 6 382 209 089 2 747 3 577
UK 85 926 26 055 95 160 3 207
0 200 000 400 000 600 000 800 000 1 000 000 1 200 000 1 400 000
Iarrataí Freagraí Fógraí faoi chiontuithe nua Fógraí faoi nuashonruithe

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba iad an Ghearmáin (25 % de na teachtaireachtaí uile den sórt sin a malartaíodh), an Pholainn (4,2 %), an Rómáin (4,2 %), an Iodáil (3,7 %) agus an Spáinn (3,5 %) na Ballstáit ba ghníomhaí i dtéarmaí mhéid iomlán na gceithre chineál teachtaireachtaí sin.

Léiríonn na **figiúirí difríochtaí móra idir na Ballstáit ó thaobh úsáid agus ualach oibre ECRIS.** Iarrann roinnt Ballstát **faisnéis i bhfad níos minice ná mar a iarrtar orthu** faisnéis a chur ar fáil. Chuir an Ghearmáin, mar shampla, beagnach 4 mhilliún iarraidh isteach in 2020-2024 ach ní bhfuair sí ach 198 000 iarraidh agus sheol an tSualainn 142 000 iarraidh in aghaidh 42 200 iarraidh a fuarthas[17]. Os a choinne sin, tá **líon mór iarrataí** os comhair roinnt mhaith Ballstát, agus seolann siad níos lú iarrataí dá gcuid féin: e.g. an Rómáin (901 000 freagra tugtha i gcomparáid le 19 400 iarraidh a seoladh), an Pholainn (835 000 v. 55 600), an Iodáil (622 000 v. 4 800)[18]. Seolann Ballstáit eile **líon ard fógraí** faoi chiontuithe nua chuig na Ballstáit maidir le náisiúntacht an chiontóra, agus seolann siad níos lú iarrataí ar fhaisnéis, an Bheilg ina measc (135 000 fógra a seoladh, 53 300 iarraidh a seoladh), an Iodáil (86 600 fógra, 4 800 iarraidh) agus an Ghréig (40 800 fógra, 12 iarraidh).

> ➢ **Difríochtaí móra idir na Ballstáit ó thaobh ghníomhaíochtaí agus ualach oibre ECRIS**
> Seolann roinnt Ballstát i bhfad **níos mó iarrataí ar fhaisnéis ná mar a fhaigheann siad** (an Ghearmáin, an tSualainn agus an Ostair), agus tá **ualach oibre mór le sárú ag Ballstáit eile agus iad ag tabhairt freagra ar na hiarrataí sin** (an Rómáin, an Pholainn, an Iodáil, an Fhrainc, an Chróit, an Bhulgáir agus an Ghréig). Táirgtear an t-ualach oibre do roinnt Ballstát eile (an Bheilg, an Iodáil agus an Ghréig) den chuid is mó trí **líon ard fógraí** faoi chiontuithe nua a sheoladh chuig na Ballstáit maidir le náisiúntacht ciontóirí.

### 2.4. Fógra a thabhairt

Léirítear sa ghraf thíos an líon iomlán uaireanta a ciontaíodh náisiúnaigh de chuid Ballstát eile, fógraí comhfhreagracha faoi na ciontuithe sin agus fógraí faoi nuashonruithe arna seoladh ag gach Ballstát thar na 5 bliana, ó 2020 go 2024[19].

---

[17] Ar an gcaoi chéanna, an Ostair (226 300 iarraidh a seoladh, 154 000 iarraidh a fuarthas) agus an tSeicia (191 300 iarraidh a seoladh, 126 500 iarraidh a fuarthas).

[18] Ar an gcaoi chéanna, an Fhrainc (254 000 freagra a tugadh i gcomparáid le 83 500 iarraidh a seoladh), an Chróit (239 400 v. 16 300), an Bhulgáir (238 000 v. 1 300), an Ghréig (236 000 v. 12), an tSlóvaic (209 000 v. 6 400) agus an Ungáir (199 000 v. 2 700).

[19] Le haghaidh na sonraí bliantúla le linn na tréimhse sin, féach Roinn 2.3 den Doiciméad Inmheánach Oibre.


An líon iomlán ciontuithe agus fógraí (maidir le ciontutihe nua agus nuashonruithe), de réir Ballstáit, 2020 - 2024
AT
22 525
23 195
49 440
BE
120 014
134 794
23 290
BG
1 452
1 822
2
CY
8 845
25 221
1 313
CZ
13 725
17 334
32 336
DE
535 862
555 952
699 884
DK
61 376
18 029
2 743
EE
465
819
0
EL
13 222
40 799
43
ES
113 809
129 905
206 712
FI
6 169
10 555
7 750
FR
89 111
83 380
126 372
HR
1 702
1 892
391
HU
9 563
10 283
13 761
IE
68 012
25 460
476
IT
80 840
86 577
101 187
LT
776
806
441
LU
19 508
16 539
6 523
LV
532
1 702
540
MT
710
1 913
10
NL
48 857
64 639
92 373
PL
7 813
9 233
33 876
PT
4 239
18 301
4 642
RO
1 785
1 017
202
SE
23 187
24 132
10 499
SI
1 382
1 382
0
SK
6 344
2 747
3 577
UK
8 599
95 160
3 207
0
100 000
200 000
300 000
400 000
500 000
600 000
700 000
An líon ciontuithe
Fógraí faoi chiontuithe nua
Fógraí faoi nuashonruithe

Le linn na tréimhse tuairiscithe, tugadh **1 270 000 ciontú nua ó shaoránaigh de Bhallstáit eile** sna Ballstáit, agus 250 000 ciontú in aghaidh na bliana ar an meán. Tháinig **laghdú mór ar an líon ciontuithe** in 2020 agus d'fhan sé ar an leibhéal céanna ó shin, rud a d'fhág gur tháinig **laghdú ar an líon fógraí** faoi chiontuithe nua.

San iomlán, sheol na Ballstáit thart ar **1,4 milliún fógra faoi chiontuithe nua agus 1,4 milliún fógra faoi nuashonruithe** sa tréimhse sin.

**Bhí éagsúlacht mhór sa líon fógraí a seoladh i measc na mBallstát**, ó 556 000 fógra faoi chiontuithe nua a sheol an Ghearmáin go 800 fógra den sórt sin a sheol an Liotuáin agus an Eastóin sna 5 bliana. Mínítear na héagsúlachtaí sin le dhá thoisc go háirithe: méid na tíre agus an líon uaireanta a ciontaíodh náisiúnach Ballstát eile (daonra neamhnáisiúnach AE)[20].

Ba iad an Ghearmáin (40 % de na fógraí uile den sórt sin), an Bheilg (9,6 %) agus an Spáinn (9,3 %) na Ballstáit **ba ghníomhaí** ó thaobh **fógraí a sheoladh faoi chiontuithe nua.** Tá an rangú cosúil le **fógraí maidir le nuashonruithe:** An Ghearmáin (49 %), an Spáinn (15 %) agus an Fhrainc (9 %).

Sa tréimhse thuairiscithe 2020-2024, **luainigh cion na bhfógraí faoi seach maidir le ciontuithe nua agus fógraí faoi nuashonruithe thart ar 50 %.** Go háirithe, 51 % agus 49 % faoi seach a bhí sna fógraí sin in 2024, i gcomparáid le 58 % agus 42 % sa bhliain tagartha 2019. Ba cheart a chur in iúl nach raibh sna nuashonruithe a rinneadh roimh 2018 ach thart ar aon trian de na fógraí uile. Ba cheart a mheas gur comhartha dearfach é an **méadú mór atá ann faoi láthair ar an líon nuashonruithe** do go leor Ballstát maidir lena bhfeasacht ar an tábhacht a bhaineann le hathruithe ina dhiaidh sin ar fhógraí tosaigh a chur in iúl.

**Bhí éagsúlacht mhór idir cion na bhfógraí faoi chiontuithe nua agus cion na bhfógraí faoi nuashonruithe i measc na mBallstát**, ó bhí líon na nuashonruithe ceithre huaire níos mó (i gcás na Polainne) nó níos mó ná a dhá oiread níos mó (i gcás na hOstaire agus na Seicia) ná an líon fógraí tosaigh, trí chion comhionann, a bheag nó a mhór, den dá chatagóir fógraí (i gcás na hIodáile, na hÍsiltíre agus na hUngáire) go nuashonruithe is cúis le cuid bheag de na fógraí uile (i gcás na Bulgáire, na Cipire, na Gréige, na hÉireann, Mhálta agus na Rómáine). I gcás na Gearmáine, na Spáinne agus na Fraince, a sheol an líon iomlán is mó fógraí sa tréimhse thuairiscithe, thart ar 56 %, 61 % agus 60 % faoi seach a bhí sna nuashonruithe.

Maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh sna Tuarascálacha Staidrimh roimhe seo ó go leor Ballstát nár sheol aon fhógra faoi chiontuithe nó nuashonruithe nua, nó nár sheol ach líon beag díobh, **tháinig feabhas mór ar an staid in 2020-2024, maidir leis an líon Ballstát a chomhlíon a n-oibleagáidí agus an méid faisnéise ar tugadh fógra ina leith araon.**

Ar an gcéad dul síos, **seolann na Ballstáit uile fógraí anois faoi chiontuithe nua, ach ní thugann cuid acu fógra fós faoi na ciontuithe uile a tugadh ar a gcríoch**, lena n-áirítear an Danmhairg (43 300 fógra in easnamh; 70 % de chiontuithe nár tugadh fógra ina leith), Éire (42 600; 63 %), an tSlóvaic (3 600; 57 %), an Rómáin (800; 43 %) agus Lucsamburg (3 000; 15 %). **Mar thoradh air sin, níor cláraíodh na ciontuithe sin i mBallstáit na náisiúntachta.**

---

[20] Féach staidreamh ó Eurostat: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=File:Non-national_population_by_group_of_citizenship,_1_January_2024.png.

Ar an taobh eile, tá **feiniméan nua tugtha faoi deara** i bhformhór na mBallstát[21] maidir le **méideanna fógraí faoi chiontuithe nua a sheoladh i bhfad níos mó ná líon iarbhír na gciontuithe.** D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar fhógra a bheith tugtha ag na Ballstáit faoi **riaráiste ciontuithe** ó bhlianta roimhe sin.

Ar an dara dul síos, tá dhá Bhallstát nár sheol (an Eastóin agus an tSlóivéin) **aon nuashonrú** ar fhógraí roimhe sin, agus sheol ceithre Bhallstát eile **líon íseal** nuashonruithe, is iad sin an Bhulgáir (2), an Ghréig (43), Éire (476) agus Málta (10). Má mhainníonn an Ballstát ciontaitheach torthaí a sheoladh, **beidh Ballstát na náisiúntachta ag próiseáil agus ag scaipeadh faisnéise neamhiontaofa nach bhfuil cothrom le dáta**[22].

> ➢ **Níos lú ciontuithe coiriúla san Aontas ó bhí an phaindéim ann, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an líon fógraí**
> Tháinig **laghdú mór ar an líon uaireanta a ciontaíodh saoránaigh Ballstát eile** in 2020, ó níos mó ná 320 000 sna blianta roimhe sin go **250 000 ciontú** in aghaidh na bliana agus d'fhan sé ar an leibhéal sin ó shin, rud a d'fhág gur tháinig **laghdú ar an líon fógraí** faoi chiontuithe nua. In 2024, thit an líon iomlán fógraí go dtí **260 000**, an líon a taifeadadh in 2014.

> ➢ **Na Ballstáit uile a sheolann fógraí faoi chiontuithe nua agus faoi chiontuithe riaráiste, ach nach dtugtar fógra fós faoi gach ciontú**
> I gcomparáid le tréimhsí tuairiscithe roimhe seo, **tháinig feabhas mór ar an staid in 2020-2024**, agus **seolann na Ballstáit uile fógraí faoi chiontuithe nua anois.** Thairis sin, thug a bhformhór fógra faoin líon ciontuithe a bhí i bhfad níos mó ná an líon iarbhír ciontuithe nua sa tréimhse sin, rud a thugann le fios go bhfuil siad ag **tabhairt fógra faoi riaráiste ciontuithe** ó bhlianta roimhe sin.
>
> Mar sin féin, **tá roinnt Ballstát nach dtugann fógra fós faoi na ciontuithe uile a thugtar ar a gcríoch** (an Danmhairg, Éire, Lucsamburg, an tSlóvaic agus an Rómáin).

> ➢ **D'ainneoin na treochta dearfaí go bhfuil méadú ag teacht ar an líon nuashonruithe, níl fógra tugtha fós do go leor acu**
> Tá **an líon fógraí faoi nuashonruithe ag méadú go leanúnach** agus shroich sé **254 000 in 2024**. Bhain **leath na bhfógraí uile** a seoladh le nuashonruithe, méadú ó 42 % in 2019. Cé go seolann níos mó Ballstát nuashonruithe ar fhógraí roimhe seo, **ní sheolann cuid acu aon nuashonrú ar chor ar bith** (an Eastóin agus an tSlóivéin) nó ní sheolann siad ach **líon beag** díobh (an Bhulgáir, an Ghréig, Éire agus Málta).

### 2.5. Iarrataí ar fhaisnéis

---

[21] An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

[22] Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar staidreamh Ballstáit aonair maidir le ciontuithe agus fógraí, féach Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

Sa ghraf thíos, déantar comparáid idir an líon iomlán iarrataí ar fhaisnéis a sheol gach Ballstát in 2020-2024 agus an líon freagraí a fuarthas agus léirítear ann céatadán na n-iarrataí a fuair freagra[23].

[23] Le haghaidh na sonraí bliantúla le linn na tréimhse sin, féach Roinn 2.4 den Doiciméad Inmheánach Oibre.



An líon iomlán iarrataí a seoladh agus freagraí faighte, de réir Ballstáit, 2020 - 2024
AT 226 328 215 810 (95 %)
BE 53 290 50 568 (95 %)
BG 1 316 1 202 (91 %)
CY 13 350 12 147 (91 %)
CZ 191 297 188 564 (99 %)
DE 3 978 840 3 692 871 (93 %)
DK 13 424 12 953 (96 %)
EE 4 350 4 115 (95 %)
EL 12 11 (92 %)
ES 241 060 269 290 (112 %)
FI 22 095 21 034 (95 %)
FR 83 524 78 306 (94 %)
HR 16 270 15 951 (94 %)
HU 2 744 2 661 (97 %)
IE 5 097 4 989 (98 %)
IT 4 808 4 348 (90 %)
LT 20 752 19 529 (94 %)
LU 26 350 24 892 (94 %)
LV 1 782 1 751 (98 %)
MT 369 317 (86 %)
NL 122 301 118 004 (96 %)
PL 55 581 54 763 (99 %)
PT 137 199 115 859 (84 %)
RO 19 353 18 664 (96 %)
SE 142 000 137 832 (97 %)
SI 2 551 2 436 (95 %)
SK 6 382 6 028 (94 %)
UK 85 926 86 799 (101 %)
0
100 000
200 000
300 000
400 000
500 000
600 000
700 000
800 000
900 000
1 000 000
Iarrataí a seoladh
Freagraí a fuarthas

Eisíodh beagnach **5,5 milliún iarraidh ar fhaisnéis** sa tréimhse 2020-2024. Mar a luaitear i Roinn 2.2, tá **méadú 25 % tagtha ar líon bliantúil na n-iarrataí** ó bhí 2020 ann, agus shroich sé **1,2 milliún in 2024.**

Bhí **éagsúlacht mhór sa líon iarrataí a eisíodh i measc na mBallstát**, ó bheagnach 4 mhilliún iarraidh a sheol an Ghearmáin go dtí 12 iarraidh a sheol an Ghréig. Is iad na príomhthosca a mhíníonn an t-athrú sin an líon náisiúnach ó Bhallstáit eile a bhfuil cónaí orthu i mBallstát ar leith agus reachtaíocht náisiúnta lena leagtar amach oibleagáidí maidir le deimhnithe taifid choiriúil a thíolacadh.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba í an **Ghearmáin** an Ballstát **ba ghníomhaí** ó thaobh **iarrataí a eisíodh** de (**73 % de na hiarrataí uile** in 2020-2024), agus ina dhiaidh sin an Spáinn (4,4 %) agus an Ostair (4,1 %)[24]. Chonacthas an méadú ba mhó ar an líon iarrataí sa tSualainn agus sa Rómáin, a sheol cúig oiread níos mó iarrataí in 2024 ná mar a sheol in 2019, agus sa Bheilg agus sa Spáinn freisin, áit ar tháinig méadú beagnach faoi thrí ar an líon iarrataí a seoladh.

D'ainneoin an mhéadaithe ar an líon iarrataí i gcoitinne, tá an fhadhb a tugadh faoi deara sna Tuarascálacha Staidrimh roimhe seo fós ann i gcás roinnt **Ballstát ar beag nach seolann siad aon iarraidh ar chor ar bith** (an Ghréig) nó **líon íseal iarrataí** i ndáil lena ndaonra neamhnáisiúnach san Aontas (an Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Málta agus an tSlóivéin)[25]. Thairis sin, in 2020-2024 tháinig **laghdú mór ar an líon iarrataí a seoladh** sa Fhrainc, in Éirinn agus san Iodáil i gcomparáid leis na sonraí tagartha le haghaidh 2019. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go dtabharfadh cúirteanna coiriúla breithiúnais gan eolas ar chiontuithe a tugadh i mBallstáit eile, rud atá contrártha leis na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh Réime 2008/675/CGB. Ina theannta sin, cuirfear bac ar an éifeacht choisctheach a bhaineann le deimhnithe taifid choiriúil a iarraidh chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla, amhail seiceálacha réamhfhostaíochta.

Chun tuilleadh anailíse agus **miondealú a fháil ar iarrataí ar imeachtaí coiriúla agus chun críoch eile**, féach Roinn 2.8.

Léiríonn na sonraí thuas freisin **nach dtugtar freagra ar gach iarraidh ar fhaisnéis** (féach freisin Roinn 2.6.). As measc na mBallstát a sheol an líon is mó iarrataí, níor freagraíodh 7 % d'iarrataí na Gearmáine (286 000), 5 % d'iarrataí na hOstaire (10 500) agus suas le 15 % d'iarrataí na Portaingéile (21 300) sa tréimhse thuairiscithe. I gcás na Spáinne, os a choinne sin, bhí an líon freagraí a fuarthas sa tréimhse sin níos mó ná 11 % de líon a n-iarrataí, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar riaráiste na bhfreagraí a fháil ó Bhallstáit eile.

> - **Iarrataí ar fhaisnéis a bhain 1,2 milliún amach mar thoradh ar mhéadú mall ach seasta**
>
>   Tá **méadú 25 % tagtha de réir a chéile** ar an **líon bliantúil iarrataí ar fhaisnéis ó bhí 2020 ann**, agus shroich sé **1,2 milliún in 2024**. Mar sin féin, ní raibh an méadú sin **chomh suntasach** agus a bhí sa tréimhse thagartha roimhe sin.
>
>   Lean **an líon iarrataí a eisíodh** de bheith **an-éagsúil i measc na mBallstát**, ó 4 mhilliún iarraidh a sheol an Ghearmáin (73 % de na hiarrataí uile) go dtí 12 iarraidh a sheol an Ghréig sa tréimhse thuairiscithe 5 bliana.

[24] Agus ina dhiaidh sin bhí an tSeicia (3,5 % de na hiarrataí uile a seoladh in 2020-2024), an tSualainn (2,6 %), an Phortaingéil (2,5 %) agus an Ísiltír (2,2 %).

[25] Sheol an Bhulgáir 1 300 iarraidh san iomlán in 2020-2024, agus sheol an Eastóin 4 350, an Ungáir - 2 700, Éire - 5 100, an Iodáil - 4 800, an Laitvia - 1 800, Málta - 370 agus an tSlóivéin - 2 500.

- **Ní i gcónaí a úsáidtear ECRIS chun faisnéis a iarraidh faoi chiontuithe roimhe sin**
**D'ainneoin an mhéadaithe ar an líon iomlán iarrataí**, tá an fhadhb a sonraíodh sna Tuarascálacha Staidrimh roimhe seo fós ann i gcás roinnt **Ballstát ar beag nach seolann siad aon iarraidh ar chor ar bith** (an Ghréig) nó **nach sheolann ach cúpla iarraidh** i ndáil lena ndaonra neamhnáisiúnach san Aontas (an Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Málta agus an tSlóivéin) agus baineann an fhadhb **leis na Ballstáit chéanna** den chuid is mó.

  Úsáideann roinnt Ballstát **ECRIS go heisiach nó beagnach go heisiach chun críche imeachtaí coiriúla** (an Bheilg, an Chróit, an Ungáir, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an tSlóivéin agus an tSlóvaic). Iarrann Ballstáit eile faisnéis **beagnach go heisiach chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla** (an tSeicia, an Chipir, an Ghréig agus an Spáinn).

**2.6. Freagraí ar iarrataí**

Léirítear sa ghraf thíos líon iomlán agus céatadán na bhfreagraí a sheol gach Ballstát in 2020-2024, i gcomparáid leis an líon iarrataí comhfhreagracha ar fhaisnéis a fuarthas[26].

26 Le haghaidh na sonraí bliantúla sa tréimhse sin, féach Roinn 2.5 den Doiciméad Inmheánach Oibre.


An líon iomlán iarrataí a fuarthas agus freagraí a seoladh, de réir Ballstáit, 2020 - 2024
AT 153,563 153,977 (100 %)
BE 92 797 91 587 (99 %)
BG 343 065 237 976 (69 %)
CY 8 119 3 036 (37 %)
CZ 126 289 126 475 (100 %)
DE 202 013 198 382 (98 %)
DK 36 318 35 866 (99 %)
EE 26 391 26 302 (100 %)
EL 275 505 235 753 (86 %)
ES 212 051 180 241 (85 %)
FI 34 940 35 002 (100 %)
FR 264 098 253 744 (96 %)
HR 283 401 239 421 (84 %)
HU 198 813 198 886 (100 %)
IE 41 114 41 787 (102 %)
IT 622 052 621 502 (100 %)
LT 76 942 78 919 (103 %)
LU 26 891 26 713 (99 %)
LV 58 524 60 855 (104 %)
MT 4 401 4 175 (95 %)
NL 174 259 175 023 (100 %)
PL 884 048 835 031 (94 %)
PT 88 684 89 482 (101 %)
RO 932 861 900 821 (97 %)
SE 42 355 42 224 (100 %)
SI 33 579 33 370 (99 %)
SK 208 687 209 089 (100 %)
UK 26 591 26 055 (98 %)
0
100 000
200 000
300 000
400 000
500 000
600 000
700 000
800 000
900 000
1 000 000
Iarrataí a fuarthas
Freagraí a seoladh

Sheol na Ballstáit beagnach **5,2 milliún freagra ar iarrataí ar fhaisnéis** san iomlán in 2020-2024. Bhí **éagsúlacht mhór sa líon iarrataí a fuarthas** sa tréimhse sin **i measc na mBallstát**, ó 933 000 iarraidh a fuair an Rómáin agus 884 000 iarraidh - a fuair an Pholainn go 4 400 iarraidh a fuair Málta. Mínítear na héagsúlachtaí sin le dhá thoisc go háirithe: daonra foriomlán an Bhallstáit agus líon a náisiúnach a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile.

Ba iad na Ballstáit **a d'fhreagair an líon is mó iarrataí** i ndearbhthéarmaí (i.e. ní gá go mbeadh sé ar an líon is mó i gcomhréir leis an méid a fuair siad) sa tréimhse thuairiscithe 5 bliana an Rómáin (901 000 freagra – 17,5 % de na freagraí uile a seoladh trí ECRIS), an Pholainn (835 000 – 16 %) agus an Iodáil (621 000 – 12 %)[27].

Cé go bhfreagraíonn na Ballstáit uile iarrataí go ginearálta, in 2020-2024 **ní bhfuair 317 000 iarraidh ar fhaisnéis aon fhreagra**. Mar sin féin, sheol **aon trian de na Ballstáit** níos lú freagraí ná an líon iarrataí a fuair siad, agus bhí **thart ar 5,8 % ar an meán de na hiarrataí fós gan fhreagra, méadú ó 4,1 % in 2019 agus 3,6 % in 2016.** Is cúis mhór imní é go bhfuil **méadú ag teacht ar an gclaonadh atá ann gan an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le freagairt d'iarrataí** ar fhaisnéis, i bhfianaise na n-iarmhairtí tragóideacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis sin.

I measc na mBallstát a fuair an líon is mó iarrataí, níor fhreagair an Bhulgáir 31 % de na hiarrataí a fuarthas (105 000), níor fhreagair an Chróit 15,5 % díobh (44 000), níor fhreagair an Spáinn 15 % díobh (39 800), níor fhreagair an Ghréig 14 % díobh (39 800), níor fhreagair an Pholainn 5,5 % díobh (49 000), níor fhreagair an Fhrainc 4 % díobh (10 400) agus níor fhreagair an Rómáin 3,4 % díobh (32 000). D'éirigh leis an Iodáil, an Ballstát a fuair an tríú líon is mó iarrataí, freagairt do bheagnach gach ceann acu.

Ba í an Chipir an Ballstát ag a raibh **an céatadán is mó d'iarrataí nár tugadh freagra orthu** (62 % de na hiarrataí a fuarthas). Os a choinne sin, sa Laitvia, sa Liotuáin, in Éirinn agus sa Phortaingéil, sháraigh an líon freagraí a seoladh le linn na tréimhse sin an líon iarrataí a fuarthas faoi 1-4 %, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar riaráiste na bhfreagraí a sheoladh. Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar staidreamh na mBallstát aonair maidir le freagraí ar iarrataí, féach Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

> ➢ **Líon méadaitheach na n-iarrataí ar fhaisnéis nár freagraíodh**
> Cé go bhfreagraíonn na Ballstáit uile iarrataí go ginearálta, **ní bhfuair siad aon fhreagra in 2020-2024 ar 317 000 iarraidh ar fhaisnéis.** Comhfhreagraíonn sé sin do **5,8 % de na hiarrataí uile**, méadú ó 4,1 % in 2019. Is cúis mhór imní é go bhfuil méadú ag teacht ar an gclaonadh atá ann an oibleagáid freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis a shárú, i bhfianaise na n-iarmhairtí tragóideacha a d'fhéadfadh a bheith leis sin. Ba iad an Chipir, an Bhulgáir, an Chróit, an Spáinn agus an Ghréig na Ballstáit nár thug freagra ar an gcéatadán is mó de na hiarrataí a fuair siad.

### 2.7. Freagraí nach gcomhlíonann spriocdhátaí dlíthiúla

Saincheist eile a thagann chun cinn arís agus arís eile is ea an mhainneachtain freagra a thabhairt ar iarrataí laistigh de na spriocdhátaí dlíthiúla[28]. Tugtar forléargas sna graif thíos do na Ballstáit uile ar mhéideanna agus ar chéatadáin iomlána na bhfreagraí a seoladh tar éis na

[27] Agus roinnt Ballstát ina dhiaidh sin, bhí gach ceann acu cothrom le thart ar 5 % de na freagraí uile a seoladh trí ECRIS: An Fhrainc (254 000 freagra seolta), an Chróit (239 000), an Bhulgáir (238 000) agus an Ghréig (235 800).

[28] Féach Roinn 1.2 thuas.

spriocdhátaí dlíthiúla in 2020-2024, agus forléargas ar iarrataí a ndeachaigh an spriocdháta chun freagra a thabhairt ina leith in éag, a cláraíodh ag deireadh gach bliana féilire[29].

---

[29] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre: soláthraítear sonraí bliantúla maidir le freagraí a seoladh tar éis an spriocdháta dhlíthiúil i Roinn 2.6, agus staidreamh na mBallstát aonair maidir le freagraí déanacha i Roinn 3.


An líon iomlán freagraí a seoladh i ndiaidh an sprioc-ama, de réir an Bhallstáit, 2020 - 2024
AT 6
BE 39 708 (43% d'fhreagraí a seoladh)
BG 24 940 (10% d'fhreagraí a seoladh)
CY 99 (3% d'fhreagraí a seoladh)
CZ 82
DE 855
DK 425 (1% d'fhreagraí a seoladh)
EE 50
EL 31 153 (13% d'fhreagraí a seoladh)
ES 0
FI 254
FR 2 397 (1% d'fhreagraí a seoladh)
HR 27 088 (11% d'fhreagraí a seoladh)
HU 177
IE 436 (1% d'fhreagraí a seoladh)
IT 5 886 (9% d'fhreagraí a seoladh)
LT 0
LU 84
LV 5 727 (9% d'fhreagraí a seoladh)
MT 723 (17% d'fhreagraí a seoladh)
NL 1
PL 190 801 (22% d'fhreagraí a seoladh)
PT 6 627 (7% d'fhreagraí a seoladh)
RO 163 731 (18% d'fhreagraí a seoladh)
SE 75
SI 3 073 (9% d'fhreagraí a seoladh)
SK 38
UK 128
0
20 000
40 000
60 000
80 000
100 000
120 000
140 000
160 000
180 000
200 000


An líon iarrataí nár freagraíodh ar an lá deireanach de gach bliain, de réir Ballstáit
AT
BE
BG
CY
CZ
DE
DK
EE
EL
ES
FI
FR
HR
HU
IE
IT
LT
LU
LV
MT
NL
PL
PT
RO
SE
SI
SK
UK
464
641
694
424
1 655
2 629
1 810
3 562
4 279
768
3 047
1 380
1 286
195
1 653
1 188
2 378
705
282
273
2 889
1 405
1 774
330
272
276
214
687
0
500
1 000
1 500
2 000
2 500
3 000
3 500
4 000
4 500
An líon iarrataí nár freagraíodh an 31/12/2020
An líon iarrataí nár freagraíodh an 31/12/2021
An líon iarrataí nár freagraíodh an 31/12/2022
An líon iarrataí nár freagraíodh an 31/12/2023
An líon iarrataí nár freagraíodh an 31/12/2024

Seoladh breis agus **500 000 freagra tar éis an spriocdháta dhlíthiúil** in 2020-2024, rud a bhí cothrom le **9,7 % den líon iomlán** freagraí a seoladh le linn na tréimhse sin. Ina theannta sin, cláraíodh **38 000 iarraidh a ndeachaigh an spriocdháta chun freagra a thabhairt orthu in éag**, rud a bhí cothrom le **0,7 %** de na hiarrataí uile.

Léiríonn na figiúirí sin **feabhas mór** agus freagra á thabhairt acu ar iarrataí go tráthúil. I gcomparáid leis na sonraí tagartha le haghaidh 2019[30], **tháinig laghdú faoina leath ar an líon freagraí déanacha** agus tháinig **laghdú cúig huaire ar an líon iarrataí a ndeachaigh an spriocdháta ina leith in éag.**

D'ainneoin an laghdaithe fhoriomláin ar an líon freagraí nach gcomhlíonann spriocdhátaí dlíthiúla, tá fadhb na bhfreagraí déanacha fós ann i roinnt Ballstát, fadhb a tugadh faoi deara cheana féin sna Tuarascálacha Staidrimh roimhe seo. Cé go bhfuil formhór mór na mBallstát fós faoi bhun 0,5 % de na freagraí déanacha, baineann an **deacracht maidir le spriocdhátaí a urramú** go príomha leis na **Ballstáit sin a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar líon ollmhór iarrataí ar fhaisnéis**[31] (PL: Seoladh 22 % dá bhfreagraí go déanach in 2020-2024, is é sin 190 800 freagra déanach), RO (18 %; 163 700), EL (13 %; 31 200), HR (11 %; 27 000), BG (10 %; 24 900), IT (9 %; 5 900)), ach roinnt Ballstát eile freisin (BE (43 %; 39 700), MT (17 %; 700), LV (9 %; 5 700), SI (9 %; 3 000), PT (7 %; 6 600)).

Bhí fadhb **imeallach** ag baint le hiarrataí a ndeachaigh **an spriocdháta chun freagra a thabhairt ina leith in éag**, rud a d'fhág go raibh freagraí déanacha ann nó nach raibh aon fhreagra ann ar chor ar bith. Bhain sí le 3,5 % d'iarrataí sa Ghréig (9,600 iarraidh a raibh spriocdháta imithe in éag acu), 3 % d'iarrataí sa Bhulgáir (10,100), 2 % d'iarrataí sa Chróit (5,900), 2 % d'iarrataí sa Bheilg (1,800), 2 % d'iarrataí i Lucsamburg (600), 1 % d'iarrataí sa Pholainn (6,500) agus 1 % d'iarrataí sa Fhrainc (1,600).

- **Feabhas mór maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí laistigh den spriocdháta**
  I gcomparáid leis na sonraí tagartha le haghaidh 2019, **tháinig laghdú faoina leath ar an líon freagraí déanacha** sa tréimhse 2020-2024, agus tháinig **laghdú cúig huaire ar an líon iarrataí a ndeachaigh an spriocdháta chun freagra a thabhairt orthu in éag.** Mar sin féin, **seoladh 500 000 freagra tar éis an spriocdháta dhlíthiúil (9.7 %** den líon iomlán freagraí), agus cláraíodh **38 000 iarraidh a ndeachaigh an spriocdháta chun freagra a thabhairt orthu in éag** (**0,7 %** de na hiarrataí uile).

  **Bhain fadhb na bhfreagraí déanacha** den chuid is mó leis na **Ballstáit a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar líon ollmhór iarrataí** ar fhaisnéis (an Pholainn, an Rómáin, an Ghréig, an Chróit, an Bhulgáir agus an Iodáil), ach ní hamháin iad sin (an Bheilg agus Málta).

### 2.8. Iarrataí chun críche imeachtaí coiriúla agus chun críoch eile

Léirítear sna graif thíos cion na n-iarrataí faoi seach chun críche imeachtaí coiriúla agus iarrataí chun críoch eile sa tréimhse thuairiscithe 2020-2024 ina hiomláine agus in aghaidh na bliana.

---

[30] 190 000 freagra déanach (18,4 % de na freagraí uile); 42 000 iarraidh a ndeachaigh an spriocdháta chun freagra a thabhairt orthu in éag.

[31] Cé is moite den Fhrainc.







Le blianta fada, bhí sciar na n-iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla cothrom le 20 % de na hiarrataí uile ar an meán. Mar a luadh thuas, tháinig **athrú ó bhonn in 2019 ar úsáid an chórais, rud a tosaíodh ag dul i gcomhairle leis chomh minic céanna chun críoch seachas imeachtaí coiriúla agus a tharla le haghaidh na n-imeachtaí coiriúla (50/50 %).**

Lean an claonadh sin ar aghaidh sna blianta ina dhiaidh sin, agus in **2024 bhain iarrataí chun críoch seachas imeachtaí coiriúla 56 % de na hiarrataí uile** amach, rud a bhí cothrom le **692 500**. D'fhan an líon **iarrataí chun críche imeachtaí coiriúla** cobhsaí, ag thart ar **540 000**.

Is é is cúis is mó leis an méadú ar iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla **an méadú mór ar iarrataí chun críche earcaíochta** le haghaidh **gníomhaíochtaí** deonacha gairmiúla nó eagraithe **lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí**, i gcomhréir le **Treoir 2011/93/AE**[32]. Seoladh **233 400** iarraidh den sórt sin san iomlán **in 2024**, méadú mór ar an 115 000 iarraidh a seoladh in 2019. Ba é an dara toisc rannchuidithe **nach mór dhá oiread an líon iarrataí ginearálta chun críoch riaracháin** i gcomparáid le 2019, rud a d'fhág go raibh 34 100 iarraidh den sórt sin ann in 2024. Ar an tríú dul síos, bhí an líon iarrataí a bhain le **grinnfhiosrúchán fostaíochta seacht n-uaire** níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2019, 14 000 a bhí ann. D'fhan **líon bliantúil na n-iarrataí a rinne daoine aonair ar a dtaifead coiriúil féin** beagnach ar an leibhéal ard céanna ó bhí 2019 ann, is é sin, **380 400 iarraidh**.

Is í **an Ghearmáin** an Ballstát atá freagrach go príomha as an méadú ar an líon iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla, agus seoladh beagnach **2 mhilliún iarraidh den sórt sin (68 %** de na hiarrataí uile chun críoch eile) in 2020-2024.

In 2024, ba **dhaoine aonair a bhí fós ag iarraidh faisnéis a fháil faoina dtaifead coiriúil féin** a rinne formhór na n-iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla: **55 % de na hiarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla** agus 31 % de na hiarrataí uile a sheoltar. Mar sin féin, thit sciar na n-iarrataí chun na gcríoch sin ó 70 % sa bhliain tagartha 2019. Bhain an dara líon is mó iarrataí le **hearcaíocht i gcomhréir le Treoir 2011/93/AE (34 %** d'iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla[33], méadú ó 22 % in 2019). Tháinig méadú ar sciar na n-iarrataí ginearálta **chun críoch riaracháin** ó 3,8 % d'iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla in 2019 go 5 % in 2024 (agus 3 % de na hiarrataí uile), an tríú sciar is airde. Bhí an líon iarrataí chun **náisiúntacht dhifriúil a fháil** ceithre huaire níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2019, agus cuireadh sa cheathrú háit é le **2,5 %** (17 400). Ar deireadh, bhí iarrataí a bhaineann le **grinnfhiosrúchán fostaíochta** cothrom le **2 %** d'iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla[34].

Ós rud é go bhfuil an **úsáid a bhaintear as catagóirí chun críoch iarrataí**, agus faisnéis á hiarraidh trí ECRIS, **an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát**, ní féidir teacht ar chonclúidí daingne ón staidreamh reatha maidir leis an líon iarrataí i ngach **fochatagóir**. Is iondúil nach n-úsáideann roinnt Ballstát ach catagóirí iarrata ginearálta, e.g. 'cuspóir riaracháin' nó 'grinnfhiosrúchán fostaíochta', in ionad cuspóir sonrach na hiarrata a léiriú.

32 Treoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac IO L 335, 17.12.2011, lch. 1.

33 19 % de na hiarrataí uile a rinneadh.

34 Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an líon iarrataí ar chatagóirí éagsúla cuspóirí in 2020 – 2024, féach Roinn 2.7 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

Léirítear sa staidreamh freisin go **n-úsáideann roinnt Ballstát ECRIS go heisiach nó beagnach go heisiach chun críche imeachtaí coiriúla** (an Bheilg – 100 % dá n-iarrataí; An Ungáir agus an tSlóivéin – 99 %; An Chróit agus Lucsamburg – 96 %; Éire – 93 %; An Iodáil – 91 %; An tSlóvaic – 86 %). Ar an taobh eile, iarrann roinnt Ballstát faisnéis **beagnach go heisiach chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla** (an Spáinn - 97 % dá n-iarrataí; An Ghréig - 93 %; An tSeicia – 88 %; An Chipir – 97 % dá n-iarrataí in 2022 agus 2024). Bíonn easpa faisnéise ríthábhachtaí mar thoradh ar an dá chlaonadh sin, rud a d'fhéadfadh a bheith is cúis le hiarmhairtí tragóideacha.

> ➢ **Úsáidtear ECRIS níos minice chun críocha nach mbaineann le himeachtaí coiriúla ná chun críoch imeachtaí coiriúla!**
> Cuireadh tús le **hathrú bunúsach ar úsáid ECRIS** in **2019**, agus is minice a théitear i gcomhairle leis an gcóras **chun críoch seachas imeachtaí coiriúla** (e.g. scagadh réamhfhostaíochta, iarrataí ar do thaifead coiriúil féin, etc.). In 2024, bhain na hiarrataí sin amach **56 % de na hiarrataí uile a seoladh, is é sin 692 500 iarraidh.**
>
> Trí fhachtóir is cúis leis an méadú sin den chuid is mó. Ar an gcéad dul síos, tháinig méadú **faoi dhó ar an líon iarrataí** i gcomparáid le 2019 **chun críche earcaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le teagmháil le leanaí**, i gcomhréir le **Treoir 2011/93/AE** (233 400 iarraidh, is é sin 34 % d'iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla). Ar an dara dul síos, **líon ard iarrataí ó dhaoine aonair ar fhaisnéis faoina dtaifead coiriúil féin** (380 400 iarraidh, 55 %). Ar an tríú dul síos, **beagnach dhá oiread na n-iarrataí ginearálta chun críoch riaracháin** (34 100 iarraidh, 5 %).

### 2.9. Iarrataí a bhaineann le náisiúnaigh den Aontas agus le Náisiúnach Tríú Tír

Léirítear sna graif thíos cion na n-iarrataí faoi seach a bhaineann le náisiúnaigh den Aontas agus cion na n-iarrataí a bhaineann le Náisiúnach Tríú Tír sa tréimhse thuairiscithe 2020-2024 ina hiomláine agus in aghaidh na bliana[35].

[35] Féach freisin an tábla i Roinn 2.8 den Doiciméad Inmheánach Oibre.







Ar an meán, bhain **93 %** de na hiarrataí uile a seoladh in 2020-2024 le **náisiúnaigh den Aontas**, agus bhain thart ar **7 %** (378 400 iarraidh) le Náisiúnach Tríú Tír. Bhí sciar na n-iarrataí ar dhaoine gan stát diomaibhseach (0,01 %, 550 iarraidh).

Cé gur fhan **sciar na n-iarrataí ar fhaisnéis maidir le Náisiúnach Tríú Tír** ar an **leibhéal céanna** ó bhí 2019 ann, tá **méadú** seasta ag teacht ar **líon iarbhír na n-iarrataí sin** agus shroich sé **88 600 in 2024**.

In 2019, glacadh reachtaíocht fhorlíontach[36] lena mbunaítear córas láraithe ECRIS-TCN lenar féidir na Ballstáit ag a bhfuil faisnéis faoi thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír a ciontaíodh san Aontas a shainaithint go héifeachtúil. A luaithe a thiocfaidh an córas i bhfeidhm, beifear in ann faisnéis faoi Náisiúnach Tríú Tír a mhalartú ar bhealach níos éifeachtúla trí ECRIS, rud a mheastar a dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon iarrataí ar fhaisnéis as.

> ➢ **Is annamh a úsáidtear ECRIS fós le haghaidh Náisiúnach Tríú Tír**
> In 2020-2024, bhain **93 %** ar an meán de na hiarrataí uile le **náisiúnaigh den Aontas**, agus bhain thart ar **7 % díobh le náisiúnaigh tríú tír agus le daoine gan stát.** Tá **méadú** seasta tagtha ar an líon iarrataí ar fhaisnéis maidir le Náisiúnach Tríú Tír ó bhí 2017 ann agus d'ardaigh sé go **88 000 in 2024**. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon malartuithe a bhaineann le Náisiúnach Tríú Tír trí ECRIS mar thoradh ar theacht i bhfeidhm **ECRIS-TCN**.

### 2.10. Freagraí ina bhfuil faisnéis faoi chiontuithe

Léirítear sna graif thíos cion na bhfreagraí faoi seach ar iarrataí ina bhfuil faisnéis maidir le ciontú amháin nó níos mó, freagraí gan aon chiontú, diúltuithe d'iarrataí agus freagraí eile sa tréimhse thuairiscithe 2020-2024 ina hiomláine agus in aghaidh na bliana[37].




---

[36] Rialachán 2019/816/AE lena mbunaítear ECRIS-TCN, IO L 135, 22.5.2019, lch. 1; Treoir 2019/884/AE.

[37] Féach fonóta 11. Féach freisin an tábla i Roinn 2.9 den Doiciméad Inmheánach Oibre.




Sna 13 bliana ó tháinig ECRIS i bhfeidhm, **bhí faisnéis faoi chiontuithe roimhe sin i 23 % de na freagraí ar an meán.** Ciallaíonn sé sin, **i mbeagnach cás amháin as gach ceithre cinn, gur ciontaíodh an duine lena mbaineann roimhe sin** uair amháin nó níos mó, rud a chruthaíonn luach ECRIS mar uirlis chun faisnéis a fháil maidir le taifid choiriúla.

Le blianta fada anuas, d'fhan an céatadán sin cobhsaí ar leibhéal thart ar 30 %, sular **thit sé go tobann go 19 % in 2019**, agus ansin go **16.6 % in 2024**, i gcomhthreo leis an méadú suntasach ar an líon iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla. Is **comhartha dearfach** é nach raibh aon chiontú roimhe sin ag formhór na ndaoine aonair a bhí ina n-ábhar d'iarraidh ar fhaisnéis a bhaineann, mar shampla, le seiceálacha earcaíochta, le ceadúnas a fháil nó chun críoch riaracháin.

In **2024, 197 600** freagra a bhí sna **freagraí, lena n-áirítear faisnéis faoi chiontú,** ar gach iarraidh ar fhaisnéis (suas ó 188 000 in 2019). Bhí na freagraí gan aon fhaisnéis faoi chiontú cothrom le 78 % de na freagraí uile, agus bhí freagraí agus diúltuithe iarrataí eile cothrom le 5 % den iomlán.

> ➢ **Níor léirigh ach 16,6 % de na freagraí gur ann do chiontuithe coiriúla roimhe sin**
> Sna 13 bliana ó tháinig ECRIS i bhfeidhm, fuarthas freagraí in **23 % ar an meán d'iarrataí ar fhaisnéis ina raibh faisnéis faoi chiontuithe coiriúla** duine lena mbaineann roimhe sin. Leis an méadú suntasach ó bhí 2019 ann ar an líon iarrataí chun críoch eile seachas imeachtaí coiriúla, i gcás nár ciontaíodh daoine lena mbaineann roimhe seo de ghnáth, **lean an céatadán sin de bheith ag laghdú, agus bhain sé 16,6 % amach in 2024.** Arís eile, bhí faisnéis faoi chiontuithe roimhe sin i mbreis agus **197 000 freagra** an bhliain sin.